Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14656/19**

**BETREG 21**
**ECOFIN 1086**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13607/19 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *"'Have your say!': Commission's public consultations engage citizens, but fall short of outreach activities"* [Deis labhartha agat!: Téann comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin i bhfeidhm ar shaoránaigh ach ní hionann sin agus gníomhaíochtaí for-rochtana]<br>- Glacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *"'Have your say!': Commission's public consultations engage citizens, but fall short of outreach activities"* [Deis labhartha agat!: Téann comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin i mbun plé le saoránaigh, ach tá siad gearr ó ghníomhaíochtaí for-rochtana" a ghlac an Chomhairle (Iomaíochas) ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Samhain 2019.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "'*Have your say!': Commission's public consultations engage citizens, but fall short of outreach activities*" [Deis labhartha agat!: Téann comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin i bhfeidhm ar shaoránaigh ach ní hionann sin agus gníomhaíochtaí for-rochtana]**

**<u>DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:</u>**

1. Is DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 14/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear "an Chúirt" anseo feasta) dar teideal *"'Have your say!': Commission's public consultations engage citizens, but fall short of outreach activities"*[Deis labhartha agat!: Téann comhairliúcháin phoiblí an Choimisiúin i bhfeidhm ar shaoránaigh ach ní hionann sin agus gníomhaíochtaí for-rochtana]. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá comhairliúcháin phoiblí chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht bhearta an Aontais agus i dtaca le comhleanúnachas a fhorbairt i gcreat dlí an Aontais Eorpaigh. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé an leibhéal is airde d'oibiachtúlacht na gcomhairliúchán a áirithiú. AIBHSÍONN SÍ a thábhachtaí atá bearta rannpháirtíochta eile lena gcomhlánaítear comhairliúcháin phoiblí ar líne;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinneadh foriomlán na Cúirte go bhfuil ardchaighdeán i gceist le creat an Choimisiúin do chomhairliúcháin phoiblí ach go bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh fós. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go nglacann an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte go príomha;

3. TACAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt treoirlínte comhairliúcháin geallsealbhóirí a fhorbairt a thuilleadh maidir le faireachán agus measúnuithe córasacha ar chomhairliúcháin phoiblí. MOLANN SÍ don Choimisiún a straitéisí comhairliúcháin agus for-rochtain a chuid comhairliúchán poiblí a chur ar aghaidh d'fhonn rannpháirtíocht leathan, chuimsitheach i gcomhairliúcháin phoiblí a chur chun cinn. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar cháilíocht na ndoiciméad comhairliúcháin, lena n-áirítear inléiteacht, chomh maith le dóthain ama a thabhairt le rannchuidiú a dhéanamh, go háirithe le linn séasúir shaoire. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála faoi láthair agus ar rannchuidiú a chuid oibre ar cháilíocht na gcomhairliúchán;

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na critéir a shoiléiriú maidir le tionscnaimh a aicmiú, atá mar bhonn do shocruithe teanga, agus na ceistneoirí agus na príomhdhoiciméid chomhairliúcháin eile le haghaidh gach tionscnamh tosaíochta agus gach tionscnamh ar leas an phobail go ginearálta a aistriú go gach teanga oifigiúil. MOLANN SÍ don Choimisiún feabhas a chur go leanúnach ar dhearadh agus ar cháilíocht na gceistneoirí, agus a dhearbhú go bhfuil ceistneoir ginearálta ann don phobal i ndáil le gach comhairliúchán poiblí, le ceisteanna breise do speisialtóirí i gcás inar gá;

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ardchaighdeáin maidir le próiseáil sonraí agus slándáil sonraí, go háirithe cosaint i gcoinne cúblála ar na torthaí. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas breise a chur ar a phróiseáil sonraí agus ar a shlándáil sonraí i ndáil le gach comhairliúchán poiblí. MOLANN SÍ don Choimisiún a bheith soiléir maidir le hanailís agus léirmhíniú na bhfreagairtí ó gheallsealbhóirí, lena n-áirítear a ionadaíche atá siad agus a ndáileadh geografach;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte nár éirigh leis an gCoimisiún i gcónaí aiseolas tráthúil a thabhairt ar thoradh an chomhairliúcháin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a shásra aiseolais agus na torthaí a fhoilsiú go cuí tar éis na gcomhairliúchán agus, i gcás inarb ábhartha agus nuair is iomchuí, an t-aiseolas comhairliúcháin a aistriú go teangacha oifigiúla uile an Aontais.